Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2019**
**(OR. en)**

**14646/19**

**SOC 777**
**EMPL 591**
**EDUC 468**
**JEUN 141**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 14520/19 + COR 1 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le margaí saothair cuimsitheacha: fostaíocht a fheabhsú do dhaoine atá i staid leochaileach sa mhargadh saothair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na dréacht-chonclúidí ón gComhairle maidir le margaí saothair cuimsitheacha: fostaíocht a fheabhsú do dhaoine atá i staid leochaileach sa mhargadh saothair.

D'fhormheas Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) an téacs ar an 4 Nollaig 2019.

Iarrtar ar Chomhairle EPSCO na dréachtchonclúidí seo a ghlacadh ag an seisiún a bheidh aici ar an 10 Nollaig 2019.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le margaí saothair cuimsitheacha: fostaíocht a fheabhsú do dhaoine atá i staid leochaileach sa mhargadh saothair**

**Maidir le Comhairle an Aontais Eorpaigh,**

**AITHNÍONN SÍ an méid seo a leanas:**

1. Is cuspóir aitheanta de chuid an Aontais Eorpaigh deiseanna fostaíochta a fheabhsú do chách[1]. Ina theannta sin, athdhearbhaítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta go bhfuil an ceart ag gach duine cúnamh a fháil chun feabhas a chur ar ionchais fostaíochta nó féinfhostaíochta agus ar an rochtain ar mhargadh an tsaothair. Lena chois sin, cosnaítear oibrithe san Aontas ar idirdhealú ar bhonn na bhforas a leanas: reiligiún nó creideamh, aois, gnéas, gnéaschlaonadh, míchumas nó bunadh ciníoch nó eitneach. Foráiltear freisin do fhorálacha príomhshruthaithe inscne i gcuid den reachtaíocht Eorpach.

2. Bíonn tionchar diúltach ag ganntanais lucht saothair, go háirithe oibrithe oilte, ar an bhfás eacnamaíoch, ar tháirgiúlacht agus ar iomaíochas na hEorpa. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfar fostaíocht a chur chun cinn do na daoine sin atá lasmuigh de mhargadh an tsaothair faoi láthair nó nach bhfuil in ann barr a gcumais a bhaint amach de dheasca míbhuntáiste ar leith nó bacainní atá i dtimpeallacht na hoibre amhail easpa inrochtaineachta. Is minic gur acmhainn iad na daoine atá i staid leochaileach i margadh an tsaothair, acmhainn nach mbaintear dóthain úsáide aistí; is mór is fiú iad a lánpháirtiú i margadh an tsaothair chun ráta níos airde a bhaint amach ó thaobh fostaíochta, comhtháthú sóisialta agus cuimsiú sóisialta de.

[1] An Conradh ar an Aontas Eorpach, Teideal I, Airteagal 3(3) agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, Teideal II, Airteagal 15.

3. Is leis an bhfostaíocht a thagann ioncam agus a chruthaítear ról sóisialta sonrach an fhostaí nó an duine féinfhostaithe. Tá grúpa ar leith ann arb é an cás go leanúnach go mbíonn siad i staid leochaileach i margadh an tsaothair. Bíonn dúshláin ar leith i gceist le rannpháirtíocht agus cuimsiú a áirithiú do dhaoine áirithe, mar shampla daoine faoi mhíchumas, oibrithe aosta, daoine ar bheagán oiliúna agus atá dífhostaithe go fadtréimhseach, daoine óga, lena n-áirítear go háirithe iad siúd nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais nó oiliúna (NEETanna), daoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu, na Romaigh agus daoine ó chúlra imirceach, go háirithe náisiúnaigh tríú tír ar cónaitheoirí dleathacha iad. Bíonn dúshláin ar leith ann freisin a bhaineann leis an mbearna inscne atá fós i margadh an tsaothair agus leis na deacrachtaí a bhíonn ag daoine leochaileacha atá ina gcónaí i gceantair thuaithe.

4. Tá an rochtain ar mhargadh an tsaothair agus a rannpháirtíocht ann an-tábhachtach do dhaoine atá i staid leochaileach sa mhargadh sin, go háirithe daoine faoi mhíchumas. Gan an rochtain sin nó gan a bheith rannpháirtíocht ann, is amhlaidh is mó an t-imeallú sóisialta a dhéanfar orthu, is mó an stiogma a bheidh orthu agus is mó na hualaí airgeadais a bheidh orthu i gcomparáid le daoine nach bhfuil faoi mhíchumas nó le daoine ar fearr a staid i margadh an tsaothair. Thairis sin, agus na buntáistí ag teacht ar mhullach a chéile, méadaítear an baol iad a bheith dífhostaithe go fadtéarmach, neamhghníomhach nó iad a thitim as margadh an tsaothair go fadtéarmach.

5. Maidir le daoine faoi mhíchumas, cuirtear d'oibleagáid, le hAirteagal 27 den Choinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas[2], ar páirtí ann iad an tAontas agus na Ballstáit uile, ar na Stáit is Páirtí ann 'an ceart chun obair a dhéanamh, agus an ceart sin fíoraithe, a choimirciú agus a chur chun cinn', trí bhíthin, *inter alia*, deiseanna fostaíochta de gach cineál, a chruthú agus a sholáthar, lena n-áirítear an fhéinfhostaíocht. Luaitear i bPrionsabal 17 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta 'go bhfuil ag daoine faoi mhíchumas an ceart chun tacaíocht ioncaim lena n-áirithítear go mbeidh saol le dínit acu, seirbhísí a chuirfidh ar a gcumas a bheith rannpháirteach i margadh an tsaothair agus sa tsochaí, chomh maith le timpeallacht oibre atá oiriúnaithe dá riachtanas'. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 28 den Choinbhinsiún céanna, ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun an ceart chun cosanta sóisialta atá ag daoine faoi mhíchumas a choimirciú agus a chur chun cinn.

---

**2** An Coinbhinsiún ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas agus an Prótacal Roghnach (A/RES/61/106) a ghabhann leis, a glacadh an 13 Nollaig 2006

**LEAGANN SÍ BÉIM ar an méid seo a leanas:**

6. Mar gheall ar éagsúlacht na ndúshlán roimh dhaoine i staid leochaileach i margadh an tsaothair, ní mór cur chuige cuimsithe ghníomhaigh a bheith ann ina leagtar béim ar bhearta saincheaptha lena gcuirfear an comhionannas inscne san áireamh. Tá sé tábhachtach seirbhísí a sholáthar ar bhonn ilearnálach ilghairmiúil lena n-áiritheofar rochtain ar sheirbhísí fostaíochta, sláinte agus sóisialta, ar seirbhísí éagsúla, ardcháilíochta, inacmhainne agus inrochtana iad sin, lena n-áirítear tithíocht, cúram leanaí, cosaint shóisialta agus fostaíocht tacaithe. Ba cheart aird a thabhairt, maidir le seirbhísí a sholáthraítear do dhaoine faoi mhíchumas, ar shaincheisteanna a bhaineann le hinrochtaineacht agus le cóiríocht réasúnach[3]. Ní mór treoir agus dreasachtaí a chur ar fáil chun rannpháirtíocht san fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chumasú. Tá sé tábhachtach freisin díriú ar chuir chuige choisctheacha, lena n-áirítear córais luathrabhaidh. Go háirithe, bíonn ról lárnach ag eintitis phoiblí amhail seirbhísí sóisialta agus seirbhísí fostaíochta poiblí maidir le tacaíocht aonair agus iomlánaíoch a chur ar fáil go luath.

7. Tá sé ríthábhachtach do gach úsáideoir pointí teagmhála aonair a bheith ann, i dteannta gníomhaíochtaí for-rochtana dóibh siúd is faide ó mhargadh an tsaothair. Ní mór faisnéis a roinnt agus comhar a fheabhsú ionas go ndéanfar comhordú éifeachtach idir seirbhísí éagsúla, go háirithe na seirbhísí fostaíochta agus sóisialta, agus idir gníomhaithe eile, go háirithe an tsochaí shibhialta agus, i gás inarb ábhartha, na comhpháirtithe sóisialta agus institiúidí oideachais.

---

3 Foráiltear in Airteagal 5 de Threoir 2000/78/CE an 27 Samhain 2000 go bhfuil ar fhostóirí bearta oiriúnacha a dhéanamh, i gcás inar gá, chun cur ar chumas duine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar fhostaíocht, a bheith rannpháirteach i bhfostaíocht nó dul chun cinn a dhéanamh i bhfostaíocht, nó dul faoi oiliúint, mura rud é go bhforchuirfeadh bearta den sórt sin ualach díréireach ar an bhfostóir.

8. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeidh rochtain ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil ar ardcháilíocht i saol oibre síorathraitheach, lena n-áirítear i réimsí ina bhféadfaí méadú a bheith ann i líon na bpost. Tá ról tábhachtach ag fostóirí in uas-sciliú agus athsciliú a gcuid fostaithe, lena n-áirítear na daoine sin atá i staid leochaileach. Ar na bearta éifeachtacha a d'fhéadfadh cuidiú le daoine atá i staid leochaileach i margadh an tsaothair chun rochtain a fháil ar fhostaíocht tá measúnú a dhéanamh ar na scileanna atá ann cheana, riachtanais uas-scilithe agus athscilithe a shainaithint, sainaithint agus bailíochtú an eolais agus na scileanna atá ann cheana a fheabhsú, gairmthreoir agus gairmchomhairleoireacht a chur ar fáil, agus athshlánú gairmiúil agus cóiríocht réasúnach a chur ar fáil do dhaoine atá faoi mhíchumas. Ina theannta sin, is féidir éifeacht a bheith ag oiliúint fiontraíochta spriocdhírithe agus tacaíocht nuathionscanta do dhaoine áirithe atá i staid leochaileach. Is fiú freisin smaoineamh ar dhreasachtaí airgeadais chun dul i mbun oibre a chruthú, agus deireadh a chur le gaistí sochair.

9. Ionas go bhfostóidh siad daoine atá i staid leochaileach i margadh an tsaothair, d'fhéadfadh fostóirí leas a bhaint as cabhair agus tacaíocht lena n-áirítear, mar shampla, feasacht a mhúscailt, riachtanais coigeartaithe san ionad oibre a shainaithint, comhairle a fháil maidir le hinrochtaineacht agus cóiríocht réasúnta a áirithiú, agus seirbhísí tacaíochta iar-shocrúcháin. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar infhaighteacht na dteicneolaíochtaí cúnta agus réitigh TF agus rochtain orthu sin freisin. Is fiú machnamh a dhéanamh ar dhreasachtaí fioscacha agus cánach, lena n-áirítear fóirdheontais fostóra. D'fhéadfaí deiseanna a fheabhsú do dhaoine atá i staid mhíbhuntáisteach trí chultúr dearfach a chur chun cinn san ionad oibre, cultúr ina leagtar béim ar chleachtais chuimsitheacha, lena n-áirítear próisis earcaíochta neamh-idirdhealaitheacha chuimsitheacha, agus ina dtugtar tacaíocht agus oiliúint ar fáil i scileanna éagsúlachta.

10. Ba cheart go rachadh cumas na teicneolaíochta nua, an claochlú digiteach, agus na hathruithe ginearálta i saol na hoibre, chun tairbhe do chách. Ba cheart bearta a dhéanamh chun an neamh-chomhionannas atá ann faoi láthair a réiteach. Tá sé tábhachtach an tionchar atá ag an gclaochlú digiteach ar oibrithe agus ar chuardaitheoirí poist atá i staid leochaileach i margadh an tsaothair a shainaithint, lena n-áirítear na deiseanna atá acu uas-sciliú agus athsciliú a fháil, agus aird á tabhairt ar an tionchar atá ag cúrsaí inscne ar fhostaíocht. Do dhaoine faoi chumas, tá an-chumas ag na teicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear úsáid na hintleachta saorga, a fhad agus a bheidh siad inrochtana, inacmhainne, cuimsitheach ó thaobh an mhíchumais de agus nach dtiocfaidh cleachtais idirdhealaitheacha mar thoradh orthu.

11. Féadfaidh comhoiriúnacht níos fearr a bheith ann idir míchumas an saol laethúil má chuirtear solúbthacht ar fáil i dtéarmaí an ualaigh oibre, an sceidil oibre agus an tsuímh oibre trí chineálacha áirithe gníomhaíochta lena n-áirítear an fhéinfhostaíocht. Ina theannta sin, leis an ngeilleagar ardán poistíneachta féadfar deiseanna nua fostaíochta a chruthú do daoine atá i staid leochaileach i margadh an tsaothair. Ba cheart, chun na deiseanna sin a bhaint amach ina n-iomláine, cáilíocht agus inbhuanaitheacht na bpost a áirithiú chomh maith le hinrochtaineacht, agus na cosaintí fostaíochta iomchuí a bheith i bhfeidhm.

12. D'fhéadfadh luach ar leith a bheith ag baint leis an ngeilleagar sóisialta, agus go háirithe fiontair shóisialta, chun tacú le daoine i staid leochaileach atá ag ullmhú do mhargadh an tsaothair agus iad rannpháirteach ann freisin. Is féidir ról ríthábhachtach a bheith ag fiontair shóisialta chun poist inbhuanaithe a chruthú agus chun lánpháirtiú sóisialta a éascú. Chomh maith le poist a thairiscint, is féidir leo uas-sciliú a chur ar fáil agus saoránacht ghníomhach a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin cur le hinfhostaitheacht na ndaoine sin i ngnólachtaí príomhshrutha.

13. Is féidir le húdaráis phoiblí feabhas a chur ar fhostú grúpaí éagsúla daoine atá i staid leochaileach i margadh an tsaothair trí dhálaí sóisialta agus, go háirithe, critéir fostaíochta i bpróisis soláthair phoiblí, a chur chun feidhme.

14. Bíonn cistí an Aontais ríthábhachtach, go háirithe Ciste Sóisialta na hEorpa, chun teacht orthu siúd atá i staid leochaileach agus chun cabhrú leo d'fhonn iad a lánpháirtiú i margadh an tsaothair agus sa tsochaí araon, mar shampla trí nuálaíochtaí sóisialta a chur chun cinn agus trí thionscnaimh ilearnálacha a chur chun feidhme.

**Iarrann sí ar na Ballstáit, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

15. leanúint de bheartais chuimsitheacha uileghabhálacha fostaíochta agus shóisialta a fhorbairt lena dtugtar aird ar dhaoine atá i staid leochaileach, lena ndírítear ar fháil agus coinneáil na fostaíochta a éascú mar aon le cuidiú leis an oiriúnú do riachtanais athraitheacha na margaí saothair, lena n-áirítear margaí saothair réigiúnacha, áitiúla agus earnálacha. I ndáil leis an méid sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar limistéir thuaithe;

16. beartais den sórt sin a cheapadh ar bhealach comhtháite, agus gné an chomhionannais inscne á cur san áireamh, agus ar bhealach a dhíríonn ar idirghabháil luath, rud a sheachnódh gur níos measa fós a bheadh daoine atá i riocht leochaileach cheana féin i margadh an tsaothair. Idirghníomhaíocht idir an méid a thuilltear agus na sochair chosanta sóisialta a chur chun cinn ar bhealach a thabharfaidh daoine amach as an neamhghníomhaíocht agus a chinnteoidh gur fiú an obair an luach saothair;

17. feabhas a chur ar infhaighteacht seirbhísí ilearnálacha, ilghairmiúla agus ísealtairsí do dhaoine atá i staid leochaileach, lena n-áirítear daoine atá faoi mhíchumas. D'fhéadfaí iad seo a leanas a áireamh ar na seirbhísí sin: ionaid ilfhreastail agus seirbhísí saincheaptha don duine aonair, mar shampla, cóitseáil post, fóirdheontais agus seirbhísí ábhartha d'fhostóirí. Chuige sin, bheadh gá le comhordú feabhsaithe agus comhpháirtíochtaí níos láidre idir na gníomhaithe éagsúla, lena n-áirítear seirbhísí fostaíochta poiblí agus príobháideacha , soláthraithe oideachais agus oiliúna, soláthraithe seirbhísí sláinte agus sóisialta, an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas, chomh maith le fostóirí agus comhpháirtithe sóisialta, ar mhaithe le gníomhaíochtaí for-rochtana agus sna céimeanna réamhshocrúcháin agus iarshocrúcháin;

18. forbairt acmhainní a chothú sna seirbhísí éagsúla a a oibríonn le daoine atá i staid leochaileach sa mhargadh saothair, lena n-áirítear daoine atá faoi mhíchumas, agus tástáil beartais a spreagadh le fostóirí, seirbhísí ábhartha poiblí, eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta agus comhpháirtithe sóisialta;

19. dlús a chur lena n-iarrachtaí an Moladh maidir le *Upskilling Pathways* [Conairí Uas-scilithe] a chur chun feidhme agus oiliúint shaincheaptha agus treoir agus comhairleoireacht ghairme ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do dhaoine atá i staid leochaileach d'fhonn an fhoghlaim leanúnach a éascú, go háirithe an fhoghlaim ar an láthair oibre. Deiseanna a sholáthar chun scileanna atá ábhartha don mhargadh saothair a nuashonrú, lena n-áirítear roghanna gairme fiontraíochta, agus rannpháirtíocht na bhfostóirí a chur chun cinn san uas-sciliú agus san athsciliú;

20. feasacht a chur chun cinn i measc fostóirí agus seirbhísí a fhorbairt a chabhróidh le fostóirí cur le deiseanna fostaíochta ardcháilíochta agus deiseanna oiliúna sa phost do dhaoine atá i staid leochaileach, go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear trí scéimeanna dreasachta, trí phostrionnaíocht, trí chóiríocht réasúnta agus trí thimpeallachtaí oibre a dhéanamh inrochtana, mar shampla trí theicneolaíochtaí cúnta a úsáid;

21. próisis earcaíochta níos cuimsithí a chur chun cinn agus chuige sin a ndícheall a dhéanamh feabhas a chur ar sheirbhísí fostaíochta agus ar mheaitseáil post. I gcás inarb iomchuí, faisnéis a thabhairt d'fhostóirí maidir leis na dreasachtaí airgeadais atá ar fáil;

22. leas iomlán a bhaint as ionstraimí cistiúcháin ábhartha an Aontais, go háirithe Ciste Sóisialta na hEorpa, agus na beartais um chuimsiú gníomhach á gcur chun cinn agus feabhas á chur ar chomhtháthú daoine atá i staid leochaileach i margadh an tsaothair, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas.

**Iarrann sí ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún Eorpach, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

23. féachaint, nuair a bheidh prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta á gcur chun cinn, cén chaoi ar féidir feabhas a chur ar chuimsitheacht na margaí saothair agus riocht iad siúd atá i staid leochaileach sa mhargadh saothair, d'fhonn a scileanna agus a n-ionchais fostaíochta a fheabhsú ar bhonn comhionann le daoine eile agus, ar an gcaoi sin, líon na ndaoine a mhéadú a bhfuil scileanna acu atá ag teastáil i margadh an tsaothair;

24. rannpháirtíocht níos fearr a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta agus don tsochaí shibhialta i gceapadh, pleanáil agus cur chun feidhme beartas agus straitéisí arb é is aidhm dóibh daoine i staid leochaileach, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, a chuimsiú ar bhealach inbhuanaithe i margadh an tsaothair;

25. feasacht gach uile dhuine a ardú, go háirithe fostóirí agus seirbhísí fostaíochta, maidir le conas cuimsitheacht agus inrochtaineacht na margaí saothair a fheabhsú, mar shampla trí shamplaí dearfacha a chur ar fáil;

26. féachaint an méid a bhféadfadh teicneolaíochtaí nua agus cineálacha nua oibre, lena n-áirítear obair ardáin, deiseanna nua a chruthú do chuimsiú daoine atá i staid leochaileach sa mhargadh saothair, agus cáilíocht na ndálaí oibre, na sláinte agus na sábháilteachta á gcur san áireamh, mar aon leis an rochtain ar chosaint shóisialta leordhóthanach;

27. tacú le forbairt na bhfiontar sóisialta agus feabhas a chur ar a ndálaí creata, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, na dálaí a bhaineann lena dtimpeallacht dlí agus lena rochtain ar mhaoiniú; agus níos mó infheictheachta a thabhairt don gheilleagar sóisialta;

28. féachaint an bhféadfaí bearta breise agus gníomhaíochtaí dearfacha a dhéanamh, lena n-áirítear nósanna imeachta soláthair phoiblí a bhfuil freagracht shóisialta ag gabháil leo, chun earcú na ndaoine sin atá i staid leochaileach sa mhargadh saothair a spreagadh;

29. tuilleadh feabhais a chur ar chur chun feidhme na moltaí ábhartha uile, lena n-áirítear an Moladh maidir le cuimsiú gníomhach na ndaoine atá eisiata ón margadh saothair agus an Moladh maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a lánpháirtiú sa mhargadh saothair. Aird ar leith a thabhairt, agus an Ráthaíocht don Aos Óg á cur chun feidhme, ar dhaoine óga a shroicheadh ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste, mar shampla daoine ó chúlra imirceach, daoine faoi mhíchumas, nó daoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu;

30. i gcás inarb iomchuí, feabhas a chur ar bhailiú sonraí, i gcomhréir leis na forálacha cosanta sonraí, maidir le staid fostaíochta na ndaoine sin atá i staid leochaileach sa mhargadh saothair, go háirithe daoine faoi mhíchumas.[4]

**Iarrann sí ar an gCoimisiún Eorpach an méid seo a leanas a dhéanamh:**

31. aird ar leith a thabhairt ar dhaoine atá i staid leochaileach sa mhargadh saothair, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, sna beartais agus sna tionscnaimh ábhartha uile, trí thógáil ar na sásraí atá ann cheana, lena n-áirítear i gcomhthéacs aon straitéisí Eorpacha le haghaidh fostaíochta agus fáis a bheidh ann amach anseo agus sa Seimeastar Eorpach, agus i gcomhthéacs na n-ionstraimí éagsúla cistiúcháin, go háirithe Ciste Sóisialta na hEorpa;

32. leanúint de thacaíocht a thabhairt don fhoghlaim fhrithpháirteach agus do chomhroinnt na ndea-chleachtas i measc na mBallstát.

**IARRANN SÍ AR AN gCOISTE FOSTAÍOCHTA AGUS AR AN gCOISTE UM CHOSAINT SHÓISIALTA AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

33. oibriú leis an gCoimisiún Eorpach chun feabhas a chur ar infhaighteacht na sonraí maidir le daoine faoi mhíchumas agus chun an fhaisnéis atá ar fáil a úsáid ina gcuid oibre maidir le fostaíocht agus cuimsiú gníomhach na ndaoine sin atá i staid leochaileach, lena n-áirítear i bhfaireachas téamach agus in anailís staitistiúil, agus na sonraí á n-imdhealú de réir inscne agus, i gcás inar féidir, de réir míchumais agus de réir aoisghrúpaí;

34. leanúint d'fhaireachas iltaobhach téamach agus tírshonrach a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ar fheidhmíocht na mBallstát agus ar a mbeartais maidir le daoine leochaileacha sa mhargadh saothair, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas.

---

4 I staidreamh an Aontais, roghnaíodh sainmhíniú ar an míchumas bunaithe ar mhíchumas féintuairiscithe agus ar na srianta a chuireann sé ar ghníomhaíochtaí. Cé gur baineadh úsáid as sainmhíniú den sórt sin i modúil *ad hoc* sa suirbhé ar an bhfórsa saothair (SFS), ní úsáidtear é sa ghnáthshuirbhé SFS. Is deacair comparáidí a dhéanamh idir go leor athchóirithe agus tionscnaimh i ngeall ar an easpa sonraí cuimsitheacha agus suas le dáta. Úsáidtear sainmhínithe eile sna suirbhéanna náisiúnta. Tá roinnt sonraí faoi mhíchumas agus fostaíocht ar fáil, bunaithe ar Staitisticí ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (SILC).

**IARSCRÍBHINN I**

**Tagairtí**

1. **Leibhéal idirinstitiúideach an Aontais**

- Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta arna shíniú an 17 Samhain 2017 (13129/17)

2. **Reachtaíocht an Aontais:**

- Treoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 i gcoinne idirdhealú ar fhoras cine agus bunadh eitneach
- Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha
- Treoir 2006/54/CE ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cóir chomhionann d'fhir agus do mhná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha
- Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí

2. **An Chomhairle**

- Moladh ón gComhairle an 22 Aibreán maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú (2013/C 120/01)
- Moladh ón gComhairle an 15 Feabhra 2016 maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a a chomhtháthú i margadh an tsaothair(2016/C 67/01)
- Moladh ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 dar theideal 'Conairí Uas-scilithe: deiseanna nua do dhaoine fásta'(2016/C 484/01)
- Moladh ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe (2019/C 387/01)

- Conclúidí ón gComhairle maidir le margaí saothair níos cuimsithí a bhaint amach, arna nglacadh ar an 9 Márta 2015 (7017/15)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun cinn an gheilleagair shóisialta mar phríomhspreagadh don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta san Eoraip, arna nglacadh ar an 7 Nollaig 2015 (15071/15)
- Conclúidí ón gComhairle an 16 Meitheamh 2016 dar teideal 'An Bhochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a Chomhrac: Cur chuige Comhtháite (10434/16)
- Conclúidí ón gComhairle dar teideal 'Freagairt ar an liosta gníomhaíochtaí ón gCoimisiún lena gcuirfear comhionannas LGBTI1 chun cinn', arna nglacadh ar an 16 Meitheamh 2016 (10417/16)
- Conclúidí ón gComhairle an 15 Meitheamh 2017 dar teideal 'I dTreo Straitéisí chun gur fiú Tairbhe na hOibre', (9647/17)
- Conclúidí ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2019 dar teideal 'Geilleagar na Dea-Bhaile' (13171/19)

**3. An Coimisiún Eorpach**

- Moladh ón gCoimisiún 2008/867/CE an 3 Deireadh Fómhair 2008 maidir le cuimsiú gníomhach daoine atá eisiata ó mhargadh an tsaothair
- Teachtaireacht dar teideal *European Disability Strategy 2010-2020:*

  *A Renewed Commitment to a Barrier-Free Europe* [Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020*:*Tiomantas Athnuaite Chun go mBeidh an Eoraip Saor ó Bhacainní] (COM(2010) 636 final)
- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Towards Social Investment for Growth and Cohesion – including implementing the European Social Fund 2014-2020* [I dTreo Infheistíochta le haghaidh Fáis agus Comhtháthú – lena n-áirítear Ciste Sóisialta na hEorpa 2014-2020 a chur chun feidhme] an 20 Feabhra 2013 (COM (2013) 83 final)

**4. Eile**

- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, arna ghlacadh ar an 13 Nollaig 2006